Curaclam na Bunscoile

Primary School Curriculum

# Drámaíocht

## Oideachas Ealaíon

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

| | |
|---|---|
| Comhairleoir deartha: | Páirtíocht Bradley McGurk |
| Arna dhearadh ag: | The Identity Business |
| Arna chur i gcló ag: | Spectrum Print Management |
| Arna chlóbhualadh ag: | Mozzon Giuntina - Florence agus<br>Officine Grafiche De Agostini - Novara |


© 1999 Rialtas na hÉireann

# Drámaíocht

## Oideachas Ealaíon

### Curaclam

# Clár


## Réamhrá

**Oideachas ealaíon** 2

Curaclam oideachas na n-ealaíon 2

Aidhmeanna 5

**Drámaíocht** 6

Aidhmeanna 9

Cuspóirí leathana 10

## Ranganna naíonán

Foramharc 15

Ábhar 16

## Ranganna 1 agus 2

Foramharc 21

Ábhar 22

## Ranganna 3 agus 4

Foramharc 25

Ábhar 28

## Ranganna 5 agus 6

Foramharc 35

Ábhar 36

## Measúnú

Measúnú 44

## Aguisín

Gluais 52

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon 54

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 55

# Réamhrá

# Oideachas ealaíon



Is é atá sna healaíona ná léiriú eagraithe in íomhánna, i gceol, i dteanga, i ngothaí agus i ngluaiseacht d'idéanna, de mhothúcháin agus d'eispéiris. Déanann siad soláthar do shaibhriú céadfaíoch, mothúchánach, intleachtach agus cruthaitheach an pháiste agus cuireann siad lena f(h)orbairt iomlánaíoch. Forbraítear an-chuid de na rudaí is mó a bhfuil meas orthu sa tsochaí trí fhoirmeacha éagsúla ealaíne a oibríonn chun spiorad cultúrtha agus mothú dea-bhaile a chothú.

Cuireann oideachas ealaíon ar chumas an pháiste bealaí eile caidrimh le daoine a iniúchadh. Spreagann sé idéanna atá pearsanta agus airgtheach agus cuidíonn sé go mór chun raon de chumais intleachta a fhorbairt. Saibhríonn oideachas ealaíon a bhfuil cuspóir leis saol an pháiste bhunscoile go mór agus is fíorluachmhar é chun cumas machnaimh chruthaithigh a spreagadh agus chun acmhainn agus cumas chun oiriúnaithe a fhorbairt. Cuirtear béim ar an bpróiseas cruthaitheach agus sa chaoi sin déantar deimhin de go mbíonn obair an pháiste pearsanta agus ar chaighdeán ard. Bíonn meas ar a (h)iarrachtaí chun é/í féin a chur in iúl trí mheán na healaíne, forbraítear féinmhuinín, spreagtar spontáineacht agus fonn fiontraíochta agus cuirtear fáilte roimh éagsúlacht. Is í an ghné thacúil seo den ealaín chruthaitheach a dhéanann eispéireas chomh dearfach sin don pháiste dá p(h)áirtíocht inti. Is cuid dhílis den oideachas bunscoile é an t-oideachas ealaíon i bhforbairt cumais mhachnaimh, shamhlaíochta agus íogaireachta; is féidir na gníomhaíochtaí ealaíne a bheith ina bhfócas d'fhorbairt shóisialta agus chultúrtha agus ina n-ábhar taitnimh sa scoil.

Cuimsíonn oideachas ealaíon raon de ghníomhaíochtaí sna hamharcealaíona, i gceol, i ndrámaíocht, i ndamhsa agus sa litríocht. Cuidíonn na gníomhaíochtaí agus na heispéiris seo leis an bpáiste chun an saol a thuiscint, chun ceisteanna a chur, chun tuairimíochta agus chun fadhbanna a réiteach, agus chun déileáil lena m(h)othúcháin agus freagairt d'eispéireas cruthaitheach.

## Curaclam oideachas na n-ealaíon

Soláthraíonn curaclam oideachas na n-ealaíon cothromaíocht idir léiriú agus riachtanas an pháiste taithí a fháil ar na hamharcealaíona, ar cheol agus ar dhrámaíocht, agus freagairt dóibh. Déantar cur síos ar dhamhsa sa churaclam corpoideachais agus léirítear sna curaclaim theanga mar a chuidíonn an litríocht le forbairt mhothúchánach agus le forbairt shamhlaíocht an pháiste.

Is é atá sa churaclam amharcealaíon ná gníomhaíochtaí comhghaolmhara sna nithe seo: *ealaín a dhéanamh, breathnú ar ealaín* agus *freagairt di*.

Soláthraítear raon de ghníomhaíochtaí trína ndéantar an amharcthimpeallacht a bhreathnú, a iniúchadh agus a léirthuiscint agus trína ndéantar freagairt di. Is é atá i gceist le breathnú ná dearcadh go feasach agus go tuisceanach ar na hamharcghnéithe agus ar an gcaoi ina n-imríonn siad ar a chéile sa timpeallacht agus i saothar ealaíne. Cuid dhílis í an fheasacht seo d'fhorbairt amharcléirithe agus de fhreagairt phearsanta an pháiste ar eispéireas cruthaitheach. Bíonn obair le raon de mheáin, idir obair dhéthoiseach agus obair thríthoiseach, i gceist le healaín a dhéanamh. Bíonn forbairt tuisceana ar thréithe intreacha na healaíne chomh maith le forbairt taitnimh aeistéitiúil uirthi i gceist sa léirthuiscint. Agus an clár á fhorbairt lorgaítear cothromaíocht idir ghníomhaíochtaí léirithe nó déanta agus deiseanna breathnaithe agus freagartha ar amharcfhoirmeacha ealaíne a bhaineann le stíleanna, tréimhsí agus cultúir dhifriúla. Tá an oidhreacht náisiúnta, ina n-áirítear traidisiúin áitiúla cheardaíochta agus a bhforbairtí nua-aimseartha, ar na foirmeacha ealaíne sin.

Is é atá sa churaclam ceoil ná gníomhaíochtaí *éisteachta agus freagartha, léirithe* agus *cumadóireachta*. Leagtar béim ar ghéaréisteacht ní hamháin i ngeall ar an taitneamh a ghabhann léi ach, chomh maith, i ngeall ar a feidhm lárnach sa chumadóireacht agus sa léiriú. Déantar an páiste a ghríosadh chun géaréisteacht a dhéanamh le fuaimeanna sa timpeallacht agus, de réir a chéile, chun feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-eagraítear fuaim i gceol. Bíonn cothromaíocht idir amhránaíocht agus seinm a s(h)aothair féin agus saothair dhaoine eile ar uirlis cheoil i gceist sa léiriú. Déantar slite chun ceol a úsáid a iniúchadh trí chumadóireacht ina mbaintear feidhm as an nguth agus as cumadóireacht le cabhair raoin fhorfásaigh d'uirlisí ceoil. I bhforbairt an chláir déantar léiriú a chothromú le deiseanna chun raon ceoil a chloisteáil agus freagairt phearsanta a dhéanamh dó. Sa raon ceoil sin cuimsítear ceol a bhaineann le stíleanna, tréimhsí agus cultúir dhifriúla, agus an stór ceoil náisiúnta ina fhoirmeacha náisiúnta agus réigiúnacha san áireamh. Sa churaclam, moltar gníomhaíochtaí comhghaolmhara éisteachta, léirithe agus cumadóireachta.

Cuimsíonn an curaclam drámaíochta raon de ghníomhaíochtaí comhghaolmhara ina ndéantar *mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint níos fearr a chothú*. Déantar téamaí agus saincheisteanna a iniúchadh, cruthaítear comhthéacsanna sábháilte chuige sin agus cuirtear deiseanna ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar na léargais a eascraíonn as an bpróiseas. Baintear lánúsáid as eolas, spéiseanna agus díocas an pháiste. Sa drámaíocht déanann páistí ceannfhháthanna daoine agus na gaolta a bhíonn idir daoine i ndearbhchomhthéacs, i

gcomhthéacs samhailteach nó i gcomhthéacs stairiúil a iniúchadh mar chabhair dó/di an saol ina maireann sé/sí a thuiscint. Laistigh de chomhthéacs sábháilte na drámaíochta spreagtar an páiste chun cinnteoireachta agus chun freagracht a ghlacadh as a gcinneann sé/sí.

Cuireann damhsa deiseanna ar fáil do pháistí a mbá nádúrtha le gluaiseacht *lánléiritheach* a eagrú agus a fhorbairt i bhfoirm dhamhsa. Spreagtar iad chun raon de ghluaiseachtaí coirp a iniúchadh agus a thástáil trí dhamhsa agus chun raon de mhothúcháin agus de bhraistintí a chur in iúl. Cuimsíonn an clár damhsa gníomhaíochtaí dírithe ar dhamhsa a iniúchadh, a chruthú agus a léiriú agus ar thuiscint ar fhoirmeacha an damhsa a fhorbairt.

Sa litríocht treoraítear an páiste chun saol na samhlaíochta a iniúchadh agus chun a fhionnachtain mar a bheotar é trí theanga. Cothaítear teanga lánléiritheach, idir labhartha agus scríofa, i ngeall ar an taitneamh a bhaineann léi agus mar chabhair d'fhorbairt feasachta aeistéitiúla.

## Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna oideachas na n-ealaíon ná

- a chur ar chumas an pháiste idéanna, mothúcháin agus eispéiris a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl trí raon de ghníomhaíochtaí ealaíne
- eispéiris aeistéitiúla a chur ar fáil agus feasacht aeistéitiúil a fhorbairt ar na hamharcealaíona, ar an gceol, ar dhrámaíocht, ar dhamhsa agus ar litríocht
- feasacht, íogaireacht agus taitneamh a fhorbairt sa pháiste i leith cáilíochtaí amhairc, cloiste, tadhaill agus spásúlachta ina t(h)impeallacht
- a chur ar chumas an pháiste a b(h)uanna agus a (h)achmhainní dúchasacha a fhorbairt, teicníochtaí a shealbhú, agus na scileanna atá riachtanach chun léiriú cruthaitheach a dhéanamh agus chun taitneamh a bhaint as rannpháirtíocht i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne a chleachtadh
- a chur ar chumas an pháiste fadhbanna a aithint agus a réiteach go cruthaitheach trí mhachnamh samhlaíoch a dhéanamh agus sa tslí sin leithlí agus fiontraíocht a chothú
- féinmhuinín agus féinmheas an pháiste a mhórluacháil trí mheas ar fhéinléiriú a chothú
- feasacht ar fheabhas na healaíne mar aon le léirthuiscint uirthi a chothú, pé acu ealaín i gcomhthéacs áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó domhanda, nó ealaín i gcomhthéacs comhaimseartha nó i gcomhthéacs an am atá thart a bhíonn i gceist
- léirthuiscint chriticiúil ar ealaín a chothú ar mhaithe le sásamh agus taitneamh pearsanta.

# Drámaíocht

Ceann de na tréithe is suntasaí a bhaineann le súgradh an pháiste is ea an cur i gcéill. Cuidíonn an cur i gcéill seo leis an bpáiste tástáil a dhéanamh ar na hipitéisí atá aige/aici i dtaobh an dóigh atá ar an saol agus i dtaobh mar a bhraithfeadh eispéiris áirithe. Is í an fhiosracht agus an fonn léirsmaoineamh a dhéanamh, trí mheán gníomh, ar choincheapa agus ar rudaí a d'fhéadfadh titim amach a spreagann an dúil seo sa chur i gcéill. Is mar a chéile an próiseas trína ndéantar é seo agus an próiseas trína gcumann daoine ar bith drámaí, is cuma cén leibhéal ag a bhfuil siad nó cén aois iad. Is é príomhchúram an mhúinteora drámaíochta, mar sin, an dúil seo sa chur i gcéill a chothú agus a spreagadh agus ag an am céanna í a leathadh isteach i réimsí eile eolais agus saoil. Ar an mbealach seo is féidir le drámaíocht cuidiú leis an bpáiste a riachtanais láithreacha chognaíocha agus mhothúchánacha a shásamh agus na tosca a chur ar fáil dá f(h)orbairt phearsanta, shóisialta, mhothúchánach agus intleachtúil sa todhchaí.

Tagaimid i dteagmháil le drámaíocht den chuid is mó san amharclann, ar an teilifís nó sa phictiúrlann, agus tá sé ceangailte inár n-aigne le cur i láthair, culaithirt, suíomh agus stáitsí. Sa chaoi chéanna, is minic a shamhlaítear drámaíocht ar scoil le scripteanna, cleachtadh, teilgean gutha agus léiriú fhéith na haisteoireachta. Leanann tairbhe áirithe ón saghas seo drámaíochta sa mhéid go neartaíonn sé féinmhuinín na bpáistí agus go dtugann sé deis dóibh teacht i láthair ar stáitse agus a smaointe a nochtadh os comhair pobail. Mar sin féin, níl ann ach cuid bheag den eispéireas saibhir foghlama agus forbartha atá ar fáil sa drámaíocht.

Sa churaclam seo ní ar ghné thaispeántach na drámaíochta a leagfar an bhéim ach ar an tairbhe atá le baint as an mbeatha mar phróiseas a iniúchadh, ag baint leasa as cruthú plota, as téama, as ceapadóireacht agus as cur i gcéill. Tugtar drámaíocht an tseomra ranga nó drámaíocht phróiseasach ar dhrámaíocht a úsáidtear ar an mbealach seo.

Tá an réimse ar féidir é a iniúchadh trí dhrámaíocht chomh fairsing leis an saol féin agus is féidir na téamaí le haghaidh iniúchta a bhaint as ábhar na réimsí eile curaclaim go léir nó as gné éigin eile den saol a bhfuil spéis ag páistí agus ag múinteoirí araon inti nó ar ábhair suime dóibh í. Ag scrúdú na dtopaicí seo dóibh tríd an drámaíocht beidh na páistí gafa le gníomhaíochtaí mar

- radhairc dhrámata a chruthú go spontáineach (uaireanta tugtar tobchumadh air seo)
- ligean orthu féin gur daoine eile ar fad iad nó go bhfuil siad i suímh eile

- dul i ngleic le saincheisteanna na beatha, le heolas agus téamaí tríd an drámaíocht
- radhairc dhrámata a shainiú agus a mhúnlú lena gcur in iúl do dhaoine eile
- scéal a eispéiriú, é a chumadh ar ala na huaire, fadhbanna as an dearbhshaol agus as saoil shamhailteacha a réiteach, comhoibriú le daoine eile agus idéanna a roinnt leo
- léirsmaoineamh agus plé a dhéanamh ar phatrúin na beatha chun go léireoidh torthaí a gcuid teagmhálacha agus a bplotaí a dtuiscint ar an saol mar atá sé nó mar a d'fhéadfadh sé bheith.

Féadfaidh sé seo go léir tarlú ag leibhéal a oirfidh d'aois an pháiste. Cuma chomh casta agus a dhealróidh an t-ábhar, bainfidh an páiste ag gach leibhéal a c(h)iall féin as agus tiocfaidh sé/sí ar bhealaí chun déileáil leis.

Toisc gur gníomhaíocht iomlánaíoch í an drámaíocht is deacair an fhoirm a dheighilt ón ábhar, an ghné mhothúchánach a dheighilt ón ngné chognaíoch, an fhorbairt shóisialta a dheighilt ón bhforbairt phearsanta. Ar a shon sin féin, is féidir a rá gur as dhá fhoinse a eascraíonn a hiarmhairtí oideachasúla:

- na léargais agus an t-eolas a shealbhaíonn an páiste trí leas a bhaint as a c(h)uid eispéireas féin chun gné áirithe den saol a iniúchadh trí mheán na drámaíochta
- na scileanna pearsanta, na scileanna sóisialta agus na scileanna drámaíochta nach foláir a chothú, má tá i ndán don rang saol na drámaíochta a eispéiriú go héifeachtach agus an saol sin a chruthú.

Is dual don pháiste óg na scileanna seo oiread agus is dual dó an súgradh agus ní gá ach iad a chaomhnú agus tacú leo go cúramach chun go bhféadfar leas a bhaint astu ar bhonn leantach ar mhaithe le hoideachas an pháiste. Sa chéad áit, beidh sé riachtanach go ngabhfaidh an múinteoir ról an éascaitheora air/uirthi féin agus go bhfeidhmeodh sé/sí mar a dhéanfadh treoraí maith i gcoill, ag cur ar a súile dá lucht leanúna na féidearthachtaí agus an t-aoibhneas a leanfadh as treo amháin nó treo eile a ghabháil ach go leor de fhreagracht an iniúchta, agus den aoibhneas a ghabhann léi, á fhágáil aige/aici ar an bpáiste féin.

## Ábhar na drámaíochta

Baineann na cuspóirí foghlama go léir sa churaclam le drámaíocht. Mar sin féin, ní féidir drámaíocht bheith ann ar chor ar bith gan ábhar éigin a iniúchadh, bíodh sé simplí nó casta. Léiríonn na heiseamláirí a thugtar sna trí shnáithaonad an saghas ábhair nach mór a iniúchadh sa suíomh

drámata. Is cuma an as réimsí eile curaclaim nó as an saol i gcoitinne d'ábhar na drámaíochta, léireoidh sé na riachtanais, na spéiseanna agus na hábhair suime is cuí do na páistí aonair in aon rang faoi leith ach a n-aois agus a gcumas a chur san áireamh.

## An curaclam drámaíochta agus na treoirlínte do mhúinteoirí

Is ó phróiseas déanta drámaíochta na bpáistí a eascraíonn an tairbhe don fhoghlaim a thagann den drámaíocht sa seomra ranga. Is é an toradh a bhíonn ar an gceacht drámaíochta i ndáiríre ná an dreas foghlama a dhéanann an páiste tríd an bpróiseas, agus ina theannta sin an dráma féin a thagann mar thoradh air. Mar sin, tá tábhacht ar leith leis na treoirlínte do mhúinteoirí don drámaíocht. Ba chóir go mbreathnófaí orthu mar iomlánú ar an gcuraclam i gcoitinne agus mar áis ar chóir don mhúinteoir an leas is fearr a bhaint aisti mar acmhainn oideachasúil. Ar an ábhar sin, moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint as an gcuraclam agus as na treoirlínte i dteannta a chéile mar acmhainní comhspleácha teagaisc.

## Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim dhrámaíochta ná

- a chur ar chumas an pháiste litearthacht sa drámaíocht a shealbhú
- a chur ar chumas an pháiste naisc bhuana a chruthú idir súgradh trí chur i gcéill agus foirm ealaín na hamharclainne
- a chur ar chumas an pháiste dul i dteagmháil le saol na drámaíochta go fisiceach, go mothúchánach agus go hintleachtúil chun scileanna iniúchta, cumasaithe agus ionbhá a chothú
- a chur ar chumas an pháiste na scileanna sóisialta atá riachtanach chun caidreamh a dhéanamh go hoscailte, go macánta agus go sultmhar le daoine eile a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo chun fadhbanna a réiteach sa drámaíocht féin agus trí mheán na drámaíochta
- a chur ar chumas an pháiste struchtúir agus modhanna na drámaíochta agus mar a chruthaíonn siad naisc idir súgradh, smaointe agus an saol féin a thuiscint
- a chur ar chumas an pháiste teacht ar an eolas seo i dtaobh drámaíochta trí iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar théamaí bunaithe ar an saol (an saol atá thart agus an saol atá ann faoi láthair), cibé acu ar baineadh as réimsí eile den churaclam iad nó as réimsí coitianta de shaol an pháiste
- a chur ar chumas an pháiste tosú ar a chuid eolais ar dhrámaíocht a chur i bhfeidhm agus téamaí beatha as litríocht na drámaíochta á n-iniúchadh go gníomhach aige/aici, próiseas a mbeadh de thoradh air ciall agus tuiscint a chothú don chultúr drámaíochta domhanda
- critéir a cheapadh chun a chur ar a c(h)umas meastóireacht a dhéanamh ar na téacsanna drámaíochta, idir scríofa agus léirithe, a bhíonn á gcur ina láthair de shíor.

## Cuspóirí leathana

Ach a c(h)umas dúchasach agus tosca athraitheacha a chur san áireamh, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam drámaíochta ar chumas an pháiste

- dul i dteagmháil go fisiceach, go hintleachtúil agus go mothúchánach le comhthéacs na drámaíochta ficseanaí agus, trí chomhoibriú le daoine eile, eolas a chur ar a féidearthachtaí
- ionbhá agus comhthuiscint le daoine eile agus, mar aon leis sin, an fhéinmhuinín is gá chun ról nó carachtar duine a ghlacadh air/uirthi féin a fhorbairt
- atmaisféar inar féidir idéanna, mothúcháin agus eispéireas a chur in iúl, inar féidir plé le coimhlint go dearfach agus inar féidir cora an tsaoil a iniúchadh go hoscailte macánta
- inoiriúnaitheacht phearsanta, spontáineacht, cumas comhoibrithe, scileanna briathartha agus neamhbhriathartha, samhlaíocht agus cruthaitheacht a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go léireofaí an saol faoi mar atá sé agus ar bhealach bailíoch úr sa téacs drámata
- an cumas socrú ar an mbealach ionramhála is dóichí a mbeadh gníomhaíocht dhrámata suntasach mar thoradh air a fhorbairt
- cumas a fhorbairt drámaíocht a stiúrú i dtreo réimsí ar dócha go gcuirfidís léargais ar fáil ar an ábhar a bheifí á iniúchadh, cibé genre a roghnófaí
- cumas a fhorbairt ar oibriú as ról agus i gcomhar le daoine eile, chun na fadhbanna a d'éireodh le linn déanamh drámaíochta a réiteach
- cumas a fhorbairt ar oibriú i ról agus i gcomhar le daoine eile, chun an dráma a choinneáil ar siúl, chun comhthéacsanna a cheapadh agus chun na fadhbanna a gcastar orthu i ndéanamh na drámaíochta a réiteach
- cumas a fhorbairt an drámaíocht a úsáid chun dearcadh áirithe a chur in iúl nó a chur chun cinn i dtaobh saincheiste éigin a dtarlódh tuairimí láidre nó meon íogair a bheith aige/aici ina taobh
- cumas a fhorbairt an drámaíocht a úsáid chun ábhar neamhaithnid a scrúdú agus a iniúchadh ar mhaithe le tuiscint a fháil ar a phatrúin, a bhríonna agus a choincheapa
- íogaireacht, fiosracht agus tuiscint a fhorbairt ar na patrúin dá bhfuil an drámaíocht comhdhéanta agus atá ag éirí níos casta agus ar na léargais a shníonn uathu sin agus atá ag dul i ngrinneas go seasta

- feidhm a bhaint as drámaíocht chun gné dhaonna an uile shaghas foghlama a iniúchadh go gníomhach mar ghléas comhtháthaithe curaclaim
- feasacht ar na fo-théacsanna a nochtar go héadoilteanach sa drámaíocht agus sa saol a fhorbairt
- tosú ar thuiscint agus ciall do phlota agus do théama a fhorbairt trí bheith ag déanamh scéalta go gníomhach sa drámaíocht, le súil go bhfónfaidís seo mar bhonn do thuiscint ar litríocht dhrámata agus ar an mbaint atá aici le cumadóireacht téacsanna in áit agus ag am faoi leith
- tosú ar bheith in ann teachtaireachtaí follasacha agus teachtaireachtaí folaithe a aithint i dtéacsanna drámata, ó fhógraíocht thráchtála go scríbhinní Shakespeare, trí fheasacht a fhorbairt ar an dóigh a fhítear luachanna agus dearcadh isteach sa drámaíocht
- tosú ar acmhainn a fhorbairt chun meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar bhailíocht na mbríonna folaithe i dtéacsanna drámaíochta agus ar an teagasc a bhíonn le baint astu.

## Nótaí mínithe

Níl sna heiseamláirí a thugtar sa churaclam ach moltaí a d'fhéadfadh cabhrú chun na cuspóirí ábhair sa churaclam a shoiléiriú. Tá roinnt comhthéacsanna difriúla acu. Baineadh úsáid as cuid acu cheana féin i ndearbhghníomhaíochtaí drámata agus d'fhéadfadh go mbeadh ar an múinteoir comhthéacs a cheapadh dóibh. I gcás roinnt eile díobh beidh an comhthéacs soiléir. Tá léiriú níos leitheadúla ar chuid eile acu sna treoirlínte do mhúinteoirí, áit a bhfuil cur síos ar ghníomhaíochtaí drámata a raibh an-rath orthu.

Roghnaíodh na heiseamláirí d'fhonn a thaispeáint go dtarraingíonn drámaíocht ar réimse iomlán an eispéiris dhaonna le haghaidh ábhair. Bunaíodh go leor de na heiseamláirí ar cheachtanna a múineadh cheana, ceachtanna a múnlaíodh ar dhóigh a d'fhág go raibh ceisteanna mar mhóráltacht, fhoréigean, bheatha agus bhás á n-iniúchadh ar bhealach gníomhach machnamhach. Cuireadh na heiseamláirí sin san áireamh anseo chun a chur i gcuimhne dúinn gur minic a tharraingíonn drámaíocht ar réimsí na miotaseolaíochta agus ar réimsí na n-aircitíopaí d'fhonn seasamh siar ó shaincheisteanna sóisialta agus pearsanta agus d'fhonn fócas spreagúil iniúchta a chur ar fáil do na páistí. Mar aon leis sin cuireann sé amharc luachmhar ar fáil do pháistí, amharc a chúitíonn ar an suarú a dhéantar ar an ábhar in a oiread sin de na scannáin agus de na cláir theilifíse a chuirtear ina láthair.

Baintear feidhm as an téarma 'drámaíocht' i dtrí chomhthéacs sa churaclam drámaíochta agus sna treoirlínte do mhúinteoirí, mar seo a leanas:

- tagrann drámaíocht don chiall is coitianta agus is forleithne den fhocal
- tagrann an drámaíocht do ghníomhaíocht shonrach dhrámata i bhfoirm nó genre ar bith
- tagrann an drámaíocht do ghníomhaíocht dhrámata ar urlár an tseomra ranga.

Tugtar míniú ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear agus de na coincheapa a ndéantar tagairt dóibh sa churaclam agus sna treoirlínte do mhúinteoirí sa ghluais.

Réamhrá don drámaíocht

# Ranganna naíonán

# Foramharc

ranganna naíonán

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú | • Iniúchadh agus déanamh drámaíochta<br>• Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht<br>• Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta |

*Réamhriachtanais do dhéanamh drámaíochta*

- Ábhar
- An suíomh ficseanach
- Timpeallacht shábháilte a chruthú

*Gnéithe na drámaíochta*

- Creideamh
- Ról agus carachtar
- Gníomhaíocht
- Suíomh
- Am
- Teannas
- Brí
- Genre

Snáithaonad

## Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- féith an tsúgartha trí chur i gcéill a fhorbairt chun go ndéanfaí drámaíocht di

  *tosú le gléasadh súgarthach agus dul i dtreo déanamh drámaíochta i dtaobh na gcarachtar gléasta*

  *dul ó chur i gcéill gur coinín aonair sa choinicéar é/í go bheith ina bhall de bhaicle coiníní a chaithfidh beart a cheapadh chun déileáil le sionnach a bhíonn de shíor ag cur isteach orthu le linn dóibh a bheith ag iníor*

  *a chur i gcéill gur ball de bhaicle bréagán i siopa é/í nuair a thagann an siopadóir chun a rá leo go gcaithfidh sé/sí an siopa nó ceann acu féin a dhíol*

  *dul ó bheith ag gabháil do chluiche fiaigh i dtosach go bheith mar thíogar ag gabháil don chluiche céanna agus ina dhiaidh sin dul i dtreo drámaíochta i dtaobh tíogair ach a mbeidh an fuinneamh céanna ag baint léi agus a bhain leis an gcluiche tosaigh*

- cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht

  *ról chúntóir an bhéir ar mian leis dreapadh in aghaidh an aird shleamhain a ghlacadh*

  *ról duine de na páistí a n-iarrann an leon orthu a bheith ina gcairde aige a ghlacadh*

  *rólanna difriúla i ndráma puipéad a ghlacadh*

  *ról duine atá, mar shampla, ag iarraidh clós imeartha a chur ar fáil do choileáin tíogair a ghlacadh i ndráma i dtaobh sráidbhaile oiriúnach a thógáil do thíogair*

- eolas a chur ar cé mar is féidir spás agus rudaí éagsúla a úsáid chun saol samhailteach a chruthú faoi mar dá mbeadh sé ann i ndáiríre

  *seasann bord agus cathaoir do ríchathaoir rí nó bhanríona*

  *toireasc nó slaitín draíochta is ea rialóir*

  *má dheasaítear cathaoireacha agus rudaí eile i slí áirithe féadfaidh an páiste a bhfuil ag titim amach sa spás sin a shamhlú*

  *déantar clochán thar shruthán de leathanaigh pháipéir*

- an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear san am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú

  *cuireann an eachtra a d'éirigh do na coiníní nuair a chuaigh an sionnach sa tóir orthu, agus ina theannta sin an dúil atá acu fanacht slán, iachall orthu machnamh a dhéanamh i dtaobh an chaoi le gníomhú feasta*

  *ós rud é gur mhian leis na páistí cuairt a thabhairt ar an mbábóg bhreoite san ospidéal tá orthu na huaireanta cuartaíochta a dhearbhú agus, mar sin, breathnaíonn siad an uimhir theileafóin agus ghlaonn siad ar an ospidéal*

*ós rud é go bhfuil a fhios ag na páistí go mbíonn eagla ar an tsióg sa dorchadas i gcónaí agus gur mian leo nach mbeidh eagla uirthi feasta, tairgíonn siad í a thabhairt go dtí an draoi, duine a leigheasfaidh í*

- feasacht a fhorbairt i dtaobh an chaoi a gcuidíonn sé/sí, mar bhall de ghrúpa, chun an tsuim a choinneáil beo agus marthanach i ngníomhaíocht dhrámata

  *i dteannta leis an ngrúpa, díriú go hiomlán ar a áiteamh ar an draoi meata nach ndéanfaidh an frog dochar ar bith dó/di*

  *i ndráma faoi tharrtháil sléibhe, díriú go hiomlán ar chuidiú leis an ngrúpa ar fad an treoraí a leanúint thar an gclochán gan duine ar bith a thitim isteach san uisce*

  *trí éisteacht go haireach le glórtha ainmhithe sa choill, a chinneadh i gcomhairle leis na páistí eile an mbeadh sé sábháilte an puball a fhágáil*

  *agus cártaí bisigh á ndéanamh aige don bhábóg bhreoite coinníonn an múinteoir an fócas ar an mbábóg trí insint do na páistí faoina c(h)uairt féin go dtí an t-ospidéal*

- feasacht ar theannas i ndrámaíocht a fhorbairt

  *murar féidir leis an mbéar dreapadh in aghaidh an aird shleamhain ní bheidh sé/sí in ann an phiongain thréighthe a tharrtháil*

  *má thiteann duine amháin (a seasann cóta dó) isteach sa sruthán, beidh air/uirthi agus ar an ngrúpa ar fad éirí as an turas*

  *nuair a thairgeann strainséar 'cneasta' milseáin dó/di agus do chuid eile den ghrúpa cinneann an grúpa cibé a ghlacfaidh siad leo nó a mhalairt.*

Snáithaonad

## Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an cumas a fhorbairt léirsmaoineamh ar an ngníomhaíocht agus í ar siúl

  *tuairim a chaitheamh arbh fhéidir leis/léi agus leis na páistí eile a áiteamh ar an tseanbhean arán a thabhairt dóibh dá mba rud é go raibh siad níos láiche léi*

  *i ndrámaíocht i dtaobh béar ag dul ar scoil, a mheá cad ba chóir do bhéir a chur ina málaí scoile ar maidin*

  *léirsmaoineamh ar iompar cuí nuair a thugtar cuairt ar dhuine in ospidéal agus an dóigh lena thaispeáint gur cás linn an duine breoite a phlé agus a léiriú*

- an coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú

  *ról duine de na páistí a ghlacadh sa dráma faoi shráidbhaile na dtíogar, páiste a chaitheann a p(h)lean a chosaint tar éis do thaoiseach na dtíogar (an múinteoir ag imirt i ról) a fhógairt nach n-oireann an plean sin do na tíogair*

  *cuid de na straitéisí a mbaineann an páiste leas astu chun cairdeas a dhéanamh le daoine a léiriú don leon a bhfuil ag teip air cairdeas a dhéanamh*

- na léargais a gnóthaíodh i rith na drámaíochta a roinnt le daoine eile

  *a insint mar a d'airigh sé/sí féin nuair ab éigean don tsióg siúl cosnochtaithe sa sneachta*

  *a rá an mbeadh modh oibre eile ag Mamaí nó Daidí le hais duine de charachtair an dráma.*

Snáithaonad

## Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

  *comhoibriú le daoine eile, i ngrúpaí beaga, agus radharc idir phuipéid á cheapadh*

  *a c(h)ion féin d'idéanna a thabhairt i dtaobh cén áit ar chóir gach poll a láithriú sa choinicéar, an áit ar cheart an phlásóg a bheith, agus an áit ar cheart na cosáin trí na driseacha a bheith*

  *i ndráma i dtaobh áirce, uainíocht a dhéanamh ar a chéile, ag déanamh aithrise ar ghlór a (h)ainmhí féin*

- an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

  *a c(h)ion féin d'idéanna a chur i láthair i dtaobh cad ab fhearr a dhéanamh má tá an oíche bháistí seo le cur díobh ar an sliabh acu*

  *cuidiú le daoine eile a shocrú conas ab fhearr bealach as an bhforaois a aimsiú*

  *agus iad ina dtarrthálaithe, cuidiú le daoine eile cinneadh ar na hamhráin a d'fhéadfaidís canadh don rí nó don bhanríon ionas nach dtabharfadh sé/sí faoi deara an príosúnach á scaoileadh saor*

  *mar dhaoine atá ag dul go dtí an t-oileán, abair na rainn agus na hamhráin a shásóidh an bádóir.*

# Ranganna 1 agus 2

# Foramharc

ranganna 1 agus 2

*Snáithe*

Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

*Snáithaonaid*

- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

*Réamhriachtanais do dhéanamh drámaíochta*

- Ábhar
- An suíomh ficseanach
- Timpeallacht shábháilte a chruthú

*Gnéithe na drámaíochta*

- Creideamh
- Ról agus carachtar
- Gníomhaíocht
- Suíomh
- Am
- Teannas
- Brí
- Genre

# Snáithe: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáithaonad

## Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an cumas cur i gcéill go súgrach a úsáid chun páirt iomlán a ghlacadh sa drámaíocht

  *dul ó chluiche púicín go dráma i dtaobh páistí ar dhall cailleach ghránna iad*

  *cleasa sorcais a cheapadh do mháistir sorcais a chaill a c(h)uid cleas féin agus iad a bheith sách maith chun dallamullóg a chur ar rí nó ar bhanríon mhallaithe*

  *gníomhú mar a dhéanfadh duine ar ghrúpa fear nó ban sneachta atá ag súgradh, ag canadh agus ag damhsa fad atá daoine ina gcodladh nuair a insíonn Seáinín Seaca dóibh nach fada go dtiocfaidh an ghrian*

- an fheasacht atá á cothú aige/aici do na difríochtaí idir dhaoine a úsáid chun tosú ar an gcoibhneas idir ról agus carachtar a thuiscint

  *inchloisteacht agus láine gutha a mhéadú nuair a bhítear ag caint leis an bhfear ag an droichead dleachta atá bodhar*

  *an radharc ina gcuireann an mangaire ina luí ar Sheán gur ceart dó a pheata bó a dhíol ar mhála pónairí a léiriú agus an sórt daoine iad an mangaire agus Seán a iniúchadh*

  *i leagan eile den scéal céanna, an radharc a léiriú ina gcastar Jenny ar bhean chéile an fhathaigh den chéad uair agus ina n-insíonn an bhean di cad é mar chiapadh é maireachtáil leis an bhfathach*

  *páirt a ghlacadh i 'léiriú' do dhaoine ón tSín, daoine ar mhian leo eolas a chur ar an gcineál saoil atá ag daoine in Éirinn*

- mar a cheaptar comhthéacs agus mar a chruthaítear réaltacht dhrámata le cabhair spáis agus rudaí a eispéiriú

  *nithe éagsúla a dheasú chun gnéithe de sheomra ina dtagann baill foirne camógaíochta nó peile le chéile a chur in iúl*

  *úsáid a bhaint as rudaí éagsúla chun na réimsí difriúla i gcoinicéar a chur in iúl*

  *glactar le scaif timpeall an mhuinéil mar fhalaing ríoga a ghluaiseann ón rí nó ón mbanríon go dtí an bochtán nuair is mian leo siúd a staid sa saol a mhalartú ar feadh lae*

- an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú

  *toisc go bhfuil a fhios ag na páistí go bhfuil an bhanphrionsa i ngéibheann sa chaisleán agus fonn a bheith orthu í a shaoradh, tá iachall orthu dul chun margaíochta le garda an gheata*

  *toisc gur tugadh rabhadh do na haoirí agus dá mná céile gur dócha gur caimiléirí iad na hóstóirí, caitheann siad go faichilleach leis an óstóir áirithe seo*

  *agus a fhios ag na hainmhithe go bhfuil roinnt de na hainmhithe ab fhiáine tar éis ainmhithe beaga a ithe, téann siad chuig Naoi agus iarrann siad air 'Rialacha na hÁirce' a leagan síos*

- cumas a fhorbairt fócas na gníomhaíochta drámataí a choinneáil beo

  *díriú go hiomlán ar chabhrú chun na fadhbanna matamaitice a cheapann garda an gheata a réiteach*

  *conas is féidir linn cabhrú leis an bpéacóg a chaill an cumas a heireaball a leathadh*

  *tá na ceannlitreacha agus na mionlitreacha ag argóint lena chéile, ach caitheann siad a n-ábhar spairne a chur uathu nuair a chloiseann siad go bhfuil ríomhaire ag teacht ar mhian leis sclábhaithe dá cuid a dhéanamh díobh*

  *i ról mar bhall den ghrúpa atá ag iarraidh an mhuc dhraíochta a fháil ón bhfeirm, ceistigh an bhean a bhfuil mioneolas aici ar obair na feirme*

- tosú ar a thabhairt faoi deara mar a chuireann teannas leis an drámaíocht ar dhóigh a dheimhníonn go maireann spéis na rannpháirtithe inti

  *a chinneadh i dteannta leis an ngrúpa an dtabharfar eolas an bhealaigh go dtí an séipéal d'fhear áirithe agus an gnó atá aige ann a thomhas*

  *sa dráma céanna, a chinneadh an inseofar don gharda gur tugadh eolas an bhealaigh don fhear áirithe úd*

  *i ndráma i dtaobh cairdis agus eisiatacht, suntas a thabhairt don chaoi a n-iompraíonn baill an ghrúpa iad féin nuair a thaobhaíonn duine a gcomhluadar den chéad uair*

  *cad a tharlaíonn nuair a chasann an garda a labhraíonn Gaeilge ar na páistí agus iad tar éis an chathaoir a thógáil as an teach.*

Snáithaonad

## Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- léirsmaoineamh ar ghníomhaíocht dhrámata áirithe chun cúrsaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi

  *i ról, a thuairimiú an féidir go mbeadh an dráma níos spreagúla fós dá dtitfeadh an liathróid isteach san abhainn agus go scuabfaí chun bealaigh í*

  *a chinneadh, i ról, cén chaoi ab fhearr tabhairt ar an bhfrog sáinnithe guaim a choinneáil air féin*

  *gearrchuntas a scríobh ag cur síos ar cad ba chóir, dar leis/léi, do na hainmhithe a dhéanamh más mian leo a chinntiú nach ngabhfadh an fiagaí iad*

  *tar éis don sioráf a chrúb a chur tríd an gcabhail ullmhaíonn an múinteoir ina ról (mar Naoi) agus na hainmhithe liosta moltaí chun an sioráf a shuaimhniú agus chun an Áirc a shábháil*

- an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú trí mheán na drámaíochta

  *ceist na bulaíochta a scrúdú trí mheán leagan leasaithe de 'Seán agus an Gas Pónaire' nó 'Jenny agus Bean Chéile an Fhathaigh' a cheapadh*

  *feidhm a bhaint as smaointe bunaithe ar scéalta a bailíodh ó sheanaithreacha/ sheanmháithreacha chun dráma a chruthú faoi theach a cheannach*

  *smaoinigh conas ab fhearr don té nach bhfuil aon eolas aige/aici ar theanga na gcomharthaí tabhairt faoi chumarsáid a dhéanamh le duine atá bodhar agus balbh*

- léargais a ghnóthaítear i rith na drámaíochta nó a éiríonn aisti a roinnt

  *a nochtú an raibh nó nach raibh amhras air/uirthi gurbh é an fear a bhí ag ligean air féin gurbh é an maor tráchta é a rinne an séipéal a robáil*

  *i gcomhthéacs na drámaíochta ina n-úsáidtear leagan leasaithe de 'An Chochaillín Dearg', tuairimiú an ceart choíche labhairt le strainséir*

  *sraith pictiúr, fríos nó mionsamhail a dhéanamh chun ar tharla sa drámaíocht a thaifeadadh nó a léirmhíniú.*

Snáithaonad

## Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

  *bac-chúrsa a leagan amach, áit a seasann na heilimintí difriúla do na deacrachtaí éagsúla a d'fhulaing na haoirí ar a mbealach go Beithil*

  *i ndráma faoi spásthaisteal, a chinneadh ar cheart dúinn stopadh agus Mars a thaighde, féachaint cén saghas é i ndáiríre, roimh leanúint leis an drámaíocht*

  *éisteacht agus cúnamh a thabhairt nuair a lorgaíonn an múinteoir cabhair chun ócáidí tábhachtacha in aistear na hÁirce sular shroich siad an domhan nua a mheabhrú agus a chlárú*

- an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú na drámaíochta

  *a phlé agus a chinneadh ar cheart bóthar na sléibhte nó an bóthar síos i dtreo an uisce a ghabháil*

  *i ról mar dhuine de ghrúpa ar phicnic, moltaí a dhéanamh i dtaobh cé mar ba chóir don ghrúpa dul i mbun fiosraithe, gan amhras a tharraingt orthu féin, d'fhonn a fháil amach cé leis na héadaí agus na giuirléidí a fritheadh*

  *a chinneadh, tar éis dul i muinín seanléarscáile, cé acu treo ba cheart a ghabháil chun teacht ar an gciste*

- caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht leis na carachtair eile i radhairc mhionghrúpa nó ranga de réir mar a bhíonn an drámaíocht á cumadh

  *i ról mar bhean tuaithe, bheith ag iarraidh do chuid earraí a dhíol i log margaidh atá lán le robálaithe agus bithiúnaigh*

  *i ról mar asal, iarracht a dhéanamh trí mheán cumarsáide fisiceacha agus gutha a chur in iúl do do mháistrí mar is gráin leat do thiomáint suas in aghaidh leitreach carraigí*

  *i ról mar bhall de ghrúpa teifeach atá stiúgtha leis an ocras, iarracht a dhéanamh do chuid feirge a chur in iúl dóibh siúd atá ag cur baic ort dul isteach sa ghort cruithneachta*

  *i ról mar aoire, déan iarracht a dhéanamh do chuid caorach scaipthe a bhailiú isteach sa loca gan éirí ró-chrosta leo*

- radharc a cheap mionghrúpa amháin de na mionghrúpaí agus iad ag obair ag an am céanna a léiriú do bhaill eile an ranga

  *mar chuid de dhráma i dtaobh teagmhála le fathach, léirigh mar ba chóir, dar leat, an eochair ollmhór a ardú go dtí an glas chun an doras a oscailt*

  *mar dhuine de thriúr a roghnaíodh go fánach, léirigh don rang an radharc ina dtugtar lámh chúnta don asal dul suas an leitir charraigeach*

  *mar dhuine de bheirt a roghnaíodh go fánach, léirigh mar a d'áiteofá ar do mháthair ligean duit dul isteach sa choill.*

Ábhar do ranganna 1 agus 2

# Ranganna 3 agus 4

# Foramharc

ranganna 3 agus 4

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú | • Iniúchadh agus déanamh drámaíochta<br>• Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht<br>• Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta |

*Réamhriachtanais do dhéanamh drámaíochta*

- Ábhar
- An suíomh ficseanach
- Timpeallacht shábháilte a chruthú

*Gnéithe na drámaíochta*

- Creideamh
- Ról agus carachtar
- Gníomhaíocht
- Suíomh
- Am
- Teannas
- Brí
- Genre

# Snáithe: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáithaonad

## Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- glacadh leis an gcomhthéacs ficseanach drámata chomh spontáineach saoráideach agus a thug sé/sí faoin gcur i gcéill súgarthach

  *i ndráma faoi chor i saol teaghlaigh, an fhearg agus an frustrachas a eascraíonn as coimhlint i dtaobh athrú an chainéal teilifíse a eispéiriú*

  *i gcomhthéacs ina bhfuiltear sásta glacadh lena n-iarmhairtí ficseanacha, tabhairt faoi fháiltiú a bheartú le haghaidh ball treibhe lena bhfuil siad in iomaíocht ach a bhfuil a gcabhair ag teastáil chun tuama ursanach a thógáil*

  *déan dráma ina dtarlaíonn easaontas i measc grúpa páistí ag imirt cluiche 'cleas na bacóide'*

  *agus 'hata an tsaineolaí' á chaitheamh aige/aici, cabhraíonn an múinteoir leis na páistí páirt a ghlacadh san fhicsean trí litir ón Tiarna Caernarfon a léamh dóibh, litir ina dtugtar cuireadh dóibh teacht ar fheachtas chun na hÉigipte chun tuama Tutankhamun a thochailt*

- an coibhneas idir ról agus carachtar a thuiscint agus an cumas a fhorbairt cloí le ról nó carachtar chomh fada agus is gá le haghaidh na gníomhaíochta drámataí

  *ina rólanna mar bhaill treibhe, cinneann na páistí ar thuama ursanach a thógáil, ach de réir mar a thagann forbairt ar a gcarachtair i gcaitheamh na drámaíochta cinneann siad ar éirí as an tionscadal*

  *tá míol mór tar éis teacht i dtír ar an trá: spreagtar na páistí chun a ligean orthu féin gur daoine áirithe iad a bhfuil dearcadh faoi leith acu i leith an mhíl mhóir (dearcadh nach ionann le dearcadh na bpáistí féin)*

  *castar Clann Lir ar ghrúpa daoine a bhfuil tuairimí éagsúla acu i leith ealaí*

  *i radharc ar bord loinge cuirtear mionteagasc ar bhall amháin den ghrúpa a léiriú chomh smaointeach is atá (Naomh) Pádraig i gcomparáid leis na gialla eile*

- mar a chuidíonn sé úsáid a bhaint as spás agus as rudaí chun comhthéacs a chruthú agus chun téamaí drámata a chur in iúl a fhionnachtain

  *na mataí corpoideachais a shamhlú mar bhrait dhraíochta ar féidir leo eitilt go críocha éagsúla*

  *rud éigin a shamhlú mar mheaisín a bhfuil sé/sí ag iarraidh é a dhíol ar an margadh*

  *a thabhairt faoi deara gur féidir le hiomaitheoirí argóna agus iad ag druidim i dtreo a chéile go dréimreach an bharúil a threisiú gur gearr go mbeidh siad i gcochall a chéile*

  *mar a mhéadaíonn ar an bhfonn imeachta a luaithe agus a chinntear ar fheall a dhéanamh ar chara a thabhairt faoi deara*

- an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a iniúchadh

  *tar éis taithí ar bheith ag iarraidh an chloch a bhogadh agus fonn a bheith anois orthu filleadh ar an mbaile chun teacht i gcabhair ar a muintir, atá stiúgtha ag an ocras, ní mór do bhaill na treibhe a chinneadh cé acu an dtabharfaidh siad an chloch leo nó an bhfágfaidh siad sa phortach í, áit a shlogfar í*

  *agus é ar eolas go bhfuil an taoide ag tuilleadh go tapaidh agus nach bhfuil snámh ag cuid de na páistí, a chinneadh cé acu ab fhearr iarracht a dhéanamh ar lapadaíl go háit slán nó an oíche a chaitheamh ar an oileán*

  *agus a fhios acu gur thit an páiste isteach sa loch, cinneann na tuismitheoirí ar a fháil amach cé mar a tharla an timpiste*

  *tá a fhios ag Aonghas go bhfuil Pádraig naofa agus ní maith leis cur isteach ar a phaidreacha; léirigh an méid a tharlaíonn nuair a shánn Pádraig cos Aonghasa de thaisme*

- eolas ar na rialacha a chabhraíonn chun fócas a choinneáil beo sa ghníomhaíocht dhrámata a shealbhú

  *na rialacha simplí a thugann fócas agus brí do ghníomhaíocht dhrámata a shealbhú agus a chur i bhfeidhm, mar shampla 'déan do chuid', 'creid é, tá sé ag tarlú duit', 'éist le tuairimí daoine eile agus tóg ceann díobh'*

  *ciall an tomhais a threoróidh é/í chuig an áit ar thuirling an UFO a dhéanamh amach ón léarscáil*

  *leantar an cinnire agus na hairm á n-iompar tríd an mbearna chaol sléibhe*

  *cabhraítear leis na páistí an spásaire a theagasc chun na bláthanna a shaothrú*

- mar bhall buíne, tosú ar theannas a thabhairt isteach i ngníomhaíocht dhrámata

  *mionteagasc a thabhairt don triú carachtar atá ar tí páirt a ghlacadh sa drámaíocht agus beartas dá c(h)uid féin aige/aici nach bhfuil aon eolas ina thaobh ag an mbeirt atá gafa sa drámaíocht cheana*

  *spreagann oibrí santach ag tuama Tutankhamun daoine atá gnóthach i mbun cóipeanna d'iairiglifí a dhéanamh chun gach is féidir leo a ghoid*

  *i ndrámaíocht faoi na difríochtaí idir dhá ghrúpa páistí, cuirtear leis an teannas trína chur i dtuiscint do chách go bhféadfadh duine ar bith i gceann de na grúpaí bheith ina spiaire ag an ngrúpa eile*

  *léirigh an radharc nuair a dhéanann duine de na gialla iarracht ar éaló ó lár an mhargaidh, áit a bhfuil Miolchu ag ceannach Phádraig*

- tosú ar script a úsáid mar réamhthéacs

  *a fhoghlaim gur ceart breathnú ar phíosa scripte mar chuireadh chun gníomhaíocht dhrámata a chruthú agus a fhionnachtain go bhféadfadh go leor gníomhaíochtaí difriúla eascairt as sé líne scripte*

  *teacht isteach ar a phróiseas machnaimh féin a dhéanamh de script*

  *bí in ann script ghearr Ghaeilge a láimhseáil agus dráma a dhéanamh di*

  *is é uain an tsaineolaí iairiglifí spraoi a dhéanamh dá c(h)omhghleacaithe sa champa oibre trí scéal na n-iairiglifí a rinne sé/sí a chóipeáil a léiriú.*

Snáithaonad

## Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- léirsmaoineamh agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi

  *fiafraíonn sé/sí de/di féin an mar seo a chaithfeadh tuismitheoir lena p(h)áiste agus cén chríoch a d'fhéadfadh bheith ar an drámaíocht dá mbeadh sé/sí féin níos cineálta*

  *i ndrámaíocht faoi chairdeas fiafraíonn an buachaill bó de féin ar chóir dó a insint don sirriam cad a chonaic sé á dhéanamh ag a chara*

  *cinneadh an bhfuil an drámaíocht sách spreagúil agus machnamh ar a bhféadfaí a dhéanamh chun é a dhéanamh níos spreagúla fós*

- an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a fhoghlaim trí mheán drámaíochta

  *trí mheán dráma i dtaobh páiste nach gceadaíonn a t(h)uismitheoirí dó/di choíche a rogha rud a dhéanamh, ceisteanna i dtaobh saoirse agus freagrachta a chur agus a iniúchadh*

  *dá mbeadh ar dhuine sraithscéal a dhéanamh i dtaobh na scoile, an radharc is fearr a thabharfadh léargas ar an scoil a léiriú mar radharc ghrúpa i dteannta le páistí eile*

  *léiríonn grúpaí beaga freagairt daoine ag ócáidí mórathruithe sa stair*

- trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine

  *an tuairim atá ag páiste amháin gur seafóid atá sa dráma toisc gur fadó riamh a bheadh an bhaicle gafa dá ndéanfaidís iad féin a iompar mar a rinne*

  *léirsmaoineamh a dhéanamh ar an gceist seo: an ndéanann tuismitheoirí i gcoitinne iad féin a iompar faoi mar a rinne na tuismitheoirí sa dráma?*

  *de thoradh na drámaíochta a rinneadh faoi thuama ursanach, léirsmaoineamh a dhéanamh ar an méid fadhbanna a bhí le sárú ag daoine anallód chun an t-imshaol atá againn inniu a chruthú*

  *tá cartlannaithe thuama Tutankhamun ag tiomsú stair na tochailte agus ní mór do gach duine acu beathaisnéis ghearr air/uirthi féin a chur i láthair agus a c(h)uid oibre a mhíniú.*

Snáithaonad

## Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

  *rólanna a mhalartú le chéile i mionghrúpaí oibre sa chaoi go bhfaighidh gach ball den ghrúpa deis a chion féin a thairiscint agus gach carachtar á mhúnlú*

  *comhoibriú le baill eile an ghrúpa agus léiriú ealaíne á dhéanamh ar an sórt saoil a gcónaíonn muintir na gcreag ann*

  *taighde a dhéanamh ar na cineálacha uirlise tí agus feirme a d'úsáideadh daoine míle bliain ó shin chun taithí a fháil trí mheán na drámaíochta ar an gcineál oibre a d'fhéadfaidís a dhéanamh*

- an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo d'fhonn an drámaíocht a mhúnlú

  *in obair mhionghrúpaí, tobchumadh a choinneáil ar siúl ach gan athrá, d'fhonn airgtheacht agus cruthaitheacht a chinntiú*

  *i ndráma Gaeilge, a shocrú cad is ceart a dhéanamh, anois go bhfuil feirmeoir tar éis dul go dtí na Gardaí tar éis dó a chlos go bhfuil sé/sí, mar bhall den ghrúpa, ag foghlú ar thalamh an fheirmeora, cloí leis an gcinneadh sin agus glacadh lena iarmhairtí sa drámaíocht*

  *le cabhair léarscáile a chuireann an múinteoir ar fáil, a shocrú cé acu bealach ab fhearr a ghabháil go dtí teach an fhir a dhéanann cairdeas*

  *nuair atá an bád iompaithe bunoscionn san fharraige agus an lón bia ag dul i ndísc, a chinneadh mar bhall den ghrúpa cé acu ab fhearr tosú ag ithe anois agus a bheith ag súil go ndéanfar an grúpa a tharrtháil nó an bia a chiondáil agus síneadh a bhaint as*

- agus téacs na drámaíochta á chumadh, caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht leis na carachtair eile i radhairc mhionghrúpaí nó ranga iomláin

  *an tionchar a bhíonn ag iomaíocht idir threibheanna ar chaidreamh nuair a bhíonn bia á roinnt a fhionnachtain*

  *an caidreamh a fhásann idir dhaoine nuair a bhíonn imní orthu an dtiocfaidh gaolta leo slán trí stoirm ar an bhfarraige a fhionnachtain*

  *an fhorbairt a thagann ar chaidreamh a fhionnachtain i radharc ina dteipeann go tobann ar an solas i dteach a bhfuil taibhsí ann*

- radharc as an dráma a léiriú go spontáineach do dhaoine eile nó radharc a cheap mionghrúpa ag obair ag an am céanna a léiriú don chuid eile den rang

  *mar chuid de dhrámaíocht faoi pháistí ag tógáil tuama ursanaigh, leírigh leathnóiméid de ghníomhaíocht ina bhfulaingíonn baill na treibhe cruatan*

  *léirigh mar a bhí cúrsaí sa bhaile nuair a seachadadh litir an mhúinteora ag insint go raibh Jenny á mí-iompar féin*

  *léirigh, i ról mar ghrúpaí bleachtairí i ndráma faoi choir, mar a cheapann gach grúpa a tharla an choir*

  *i ndráma faoin saol in oileán teochreasach, a léiriú cé mar a fhásann an gaol caidrimh idir na cailíní nuair a théann siad ag snámh san fharraige.*

# Ranganna 5 agus 6

# Foramharc

ranganna 5 agus 6

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú | • Iniúchadh agus déanamh drámaíochta<br>• Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht<br>• Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta |

*Réamhriachtanais do dhéanamh drámaíochta*

- Ábhar
- An suíomh ficseanach
- Timpeallacht shábháilte a chruthú

*Gnéithe na drámaíochta*

- Creideamh
- Ról agus carachtar
- Gníomhaíocht
- Suíomh
- Am
- Teannas
- Brí
- Genre

Snáithaonad

## Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- páirt a ghlacadh go cuí agus gan stró i gcomhthéacs ficseanach drámata, bíodh lucht féachana aige/aici nó ná bíodh

  *dráma i dtaobh daoine glasa ó dhomhan diamhair a léiriú; páirt a ghlacadh ann, faoi mar a dhéanfadh sé/sí i gcur i gcéill súgarthach, leis na mothúcháin, an tocht agus na próisis mhachnaimh a dhúiseofaí i nduine nach bhfaca solas ariamh nuair a bheadh sé/sí ag teacht isteach i solas an lae*

  *sa dráma céanna, réamhchlaonta na chéad daoine ar casadh na páistí glasa orthu a léiriú go hiomlán, go cruinn agus i ról*

  *mar shórt cluiche, déan dráma as liosta focal a thugtar dóibh*

- scóip an léirithe i ról agus carachtair a leathnú chun go gcuimseofaí an cumas glacadh le mionteagasc a chinnfeadh an múinteoir, an grúpa nó an páiste féin agus é a choimeád ar siúl

  *ina ról mar mháistreás lách theach na mbocht, coinníonn an páiste siar an scéala go gcaithfidh baill an teaghlaigh scarúint óna chéile go dtí an nóiméad tráthúil*

  *i radharc ina bhfuil páistí an teaghlaigh ag beartú dul ar imirce, nuair a thagann an té atá ag glacadh pháirt na máthar isteach deirtear léi: 'Ná habair faic; ach bíodh amhras ort i dtaobh an mhéid a bhí á rá acu'*

  *glacadh leis an mionteagasc breathnú ar charachtar agus ar an gcaoi a n-áitríonn sé/sí a spás pearsanta agus ar an gcaoi a ngluaiseann sé/sí laistigh de (é seo a chomhghaolú le rince)*

- mar a chuidíonn úsáid spáis agus rudaí chun comhthéacs a thógáil agus chun téama an dráma a chur in iúl a fhionnachtain

  *agus mionghrúpa ag gabháil do dhráma Gaeilge, cuirtear na cathaoireacha agus rudaí eile in eagar áirithe chun go léireoidís teach gan chónaí ann*

  *mar a fhéadfaidh an chaoi a bhfuil daoine agus rudaí suite i spás faisnéis a thabhairt i dtaobh caidrimh agus teagmhas a fhionnachtain*

  *ag baint leasa as pictiúr de bhothán in aimsir an Drochshaoil, rudaí a leagan amach chun an bothán a chur in iúl*

- an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a iniúchadh

  *tar éis dóibh tuar na gaoithe a shéideann anuas an gleann a aithint agus a fhios acu chomh scriosach is atá sí mar ghaoth, is mian le páistí ghleann na Róine a rá lena dtuismitheoirí faichill a dhéanamh uirthi*

  *agus a fhios acu mar atá cos ar bolg á dhéanamh ag na smuigléirí orthu, ní foláir do mhuintir an oileáin a chinneadh cé acu comhairle ab fhearr a dhéanfadh a leas amach anseo, tuairisc orthu a thabhairt do na póilíní nó a gcearta féin a bhaint amach le lámh láidir*

  *tar éis dóibh a shocrú gur cheart a cheadú don spásbhean cur fúithi abhus, cuireann grúpa eolaithe turgnamh ar siúl ar chomhdhéanamh aeir d'fhonn a fháil amach an bhféadfadh sí maireachtáil san aerbhrat seo*

- inniúlacht a fhorbairt ar chur i bhfeidhm na 'rialacha imeartha' a choinníonn fócas i ngníomhaíocht dhrámata beo

  *modhanna a bheartú a chinnteoidh nach scoiltfear drámaíocht atá ar siúl in dhá shuíomh, sa seomra suí agus sa chistin, in dhá dhrámaíocht ar leith*

  *cuidiú le hatmaisféar an tseomra fhuair thais ina bhfuiltear ag fanacht le teacht an taibhse a chruthú agus a choinneáil*

  *i ról mar dhuine de na cailíní atá ag lorg a máithreacha, ceistigh úinéir na feirme faoin méid a chonaic sé/sí*

- cuidiú i bpleanáil gníomhaíochta drámata a chuimseodh teannas a d'oirfeadh don téama a bheadh á iniúchadh

  *i ndrámaíocht i dtaobh macántachta, an dóigh ar féidir le teachtaireachtaí fisiceacha agus briathartha a thrasnaíonn a chéile cealg a chur in iúl a iniúchadh*

  *agus na hiascairí ag imeacht go ceann trí mhí agus a dteaghlaigh á bhfágáil ar an gcé acu, cabhraigh chun an teannas a mhúsclaítear i ngach aon duine de thoradh bheith ag iarraidh bheith meanmnach a chruthú agus bheith feasach air*

  *ról mar bhall d'fhoireann damhsa i ndrámaíocht i dtaobh feille, damhsa a chumadh a chuireann in iúl don bhanríon go bhfuil a rún scaoilte*

- bheith ar a s(h)ocracht le scripteanna agus na próisis bhunaidh trína n-iompaítear script ina ghníomhaíocht a thuiscint

  *ceisteanna mar cé hé, cad é, cén áit, cén uair agus cén fáth a chur agus an ghníomhaíocht a spreagtar le script áirithe á cruthú*

  *feasacht ar na bun-nósanna a ghabhann le scríobh drámaí a shealbhú trí phíosaí scripte a scríobh do ghrúpaí eile, ó am go ham, lena dtiontú ina dtéacsanna drámaíochta*

  *cúpla líne scripte a léiriú go comhuaineach mar thús do dhrámaíocht i dtaobh scaipeadh teaghlach le linn an Drochshaoil*

- idirdhealú a dhéanamh ar na cineálacha difriúla genre, leithéidí coiméide, tragéide, fantaise

  *tosú ar a thuiscint gur féidir a rialacha féin a bheith ag na genres éagsúla drámaíochta (seachas drámaíocht nádúrtha), amhail mar a bhíonn i gcluichí*

  *chun dráma a chrochadh amach as an modh nádúrtha, radharc ciúin ina dtaispeánfaí eachtra éigin i gcampa oibre a léiriú agus aithris ar ghlórtha páistí ag súgradh ar an trá á déanamh ag an gcuid eile den rang sa chúlra ag an am céanna*

  *dráma a léiriú ina mbíonn na daoine fásta á n-iompar féin mar pháistí agus na páistí á n-iompar féin mar dhaoine fásta*

  *grúpa breise carachtar a cheapadh a d'fhéadfadh casadh ar Alice (i dTír na nIontas) agus an eachtra a d'éireodh di ina bhfochair a léiriú*

  *drámaíocht ghreannmhar a dhéanamh faoi nathair san áiléar.*

Snáithaonad

## Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- léirsmaoineamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha malartacha a chruthú a léireoidh níos fearr na patrúin mhaireachtála agus na saincheisteanna atá faoi scrúdú

  *duine a chur ar bhranraí teo*

  *an dán a scríobhfadh an carachtar ag an bpointe seo a chumadh agus a chinneadh ansin ar an rud is dóichí a dhéanfaidh sé/sí (uaireanta is é leas an pháiste dearbhmhothúcháin a dheighilt amach uaidh/uaithi)*

  *a shocrú, mar bhall de ghrúpa, ar cheart cabhrú le bean an chóta fhionnaidh chun bualadh leis an tráchtálaí fionnaidh, duine a dheiseoidh an cóta di*

  *a shocrú, mar bhall de ghrúpa, cé acu a ligfear do shaighdiúir bualadh ar aghaidh agus seans go marófar é/í nó a b(h)eatha féin a chur i mbaol chun é/í a tharrtháil*

- an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a fhoghlaim trí dhrámaíocht

  *agus na póilíní ag fáil sparáin a tréigeadh mar thúsphointe, treo an fhiosraithe a iniúchadh ach a thabhairt faoi deara go gcaithfear cloí leis na rialacha imeachta nach mór do na póilíní aird a thabhairt orthu*

  *bulaíocht a iniúchadh trí dhrámaíocht faoi bhuachaill nó chailín, a m(h)áthair agus a (h)athair, mhadra agus bhaicle a ionsaíonn é/í agus é/í ag dul ar scoil*

  *fadhb mhatamaitice i dtaobh tógálaí a dteastaíonn uaidh/uaithi séipéal a athnuachan a réiteach trí dhrámaíocht ina n-úsáidtear próiseas 'hata an tsaineolaí'*

- trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine

  *i ndrámaíocht suite ar bord loinge seoil, na fáthanna a n-éireodh idir na mairnéalaigh thraochta agus an captaen agus go ngabhfaidís an long a iniúchadh*

  *mar bhall de ghrúpa, cairt bhalla a réiteach ar a léireofaí na léargais a nochtadh dóibh i ndrámaíocht i dtaobh pop-ghrúpa agus na tátáil don saol a d'fhéadfaí a bhaint astu*

  *mar bhall de ghrúpa páistí a labhraíonn Gaeilge cinneadh conas is fearr an cailín Sasanach a mhúineadh chun na ceisteanna a chuirfidh an garraíodóir uirthi as Gaeilge a fhreagairt.*

Snáithaonad

## Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta

  *freagairt i mionghrúpaí do spreagadh an mhúinteora nuair a deir sé/sí 'Déanaimis dráma gearr i dtaobh na heagla'*

  *mar bhall de ghrúpa, cinneadh ar an sórt radhairc is fearr a léireoidh don chuid eile den rang an saghas saoil a chaith daoine in aimsir ár seanaithreacha agus seanmháithreacha*

  *i radharc faoi bhás duine ar thionscadal tógála balla in aimsir an Drochshaoil, aontú i dtaobh an ama ab fhearr an fócas a aistriú chun go bhfásfadh an scéal as an ngníomhaíocht*

  *a chinneadh ar cheart do mhná an oileáin a insint do na strainséirí go bhfuil na bláthanna sléibhe fíorluachmhar*

  *a chinneadh cé a ghabhfaidh air/uirthi féin gnéithe éagsúla an taighde is gá a dhéanamh sula ngabhtar ar aghaidh leis an dráma*

- an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo chun an dráma a mhúnlú

  *i ról mar 'shaineolaithe' ar an stair áitiúil, taighde a dhéanamh ar an gcineál saoil a chaith daoine sa bhliain 1925*

  *freagairt do dhúshlán an mhúinteora, 'Anois go bhfuil bréag inste ag Celia, an féidir linn an fhírinne a insint gan an chuma a bheith ar an scéal gur theipeamar uirthi, nó cad a dhéanfaimid?*

  *i ndráma i dtaobh fánaithe agus lonnaitheoirí, cinneadh ar an eagar is fearr a chur ar na vaigíní i gcás ionsaithe*

- caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht le carachtair eile i radhairc mhionghrúpaí nó ranga iomláin i rith chumadh théacs na drámaíochta

  *i bpíosa drámaíochta faoi charachtar agus chara ar mhaith leis/léi breathnú ar roinnt éan, ligtear don chaidreamh eatarthu forbairt go fisiceach agus go mothúchánach de réir mar a bhíonn an radharc á léiriú*

  *i ndráma ina bhfuil fear as an spás amuigh, duine nach eol dó/di an fharraige agus duine nach bhfaca an oíche riamh ag iarraidh an ghealach a iascach as an bhfarraige, déantar an caidreamh a éiríonn eatarthu a iniúchadh*

  *i ndráma i dtaobh an Drochshaoil, na saghsanna caidrimh a fhásann idir na páistí a éalaíonn amach go formhothaithe san oíche go dtí garraí na bprátaí féachaint cad tá i gceist ag a sinsir le dubh na bprátaí a iniúchadh*

- radharc as an dráma a léiriú go spontáineach do bhaill eile an ghrúpa nó radharc a cheap mionghrúpaí agus iad ag obair ag an am céanna a léiriú don chuid eile den rang

  *radharc a léiriú ina dtaispeántar mar a théann nuacht buaite an Chrannchuir i gcion ar bhaill teaglaigh*

  *mar chuid de dhrámaíocht faoi chrógacht lucht déanta na síochána, léiriú a thabhairt ar an radharc ina bhfágann an laoch slán ag a t(h)eaghlach roimh imeacht dó/di ar a f(h)eachtas*

  *mar chuid de sceits ghrinn faoi dhaoine nach fiú leo dada, radharc a léiriú ina bhfuil na hiománaithe nó na himreoirí camógaíochta agus gan aird dá laghad acu ar aitheasc an traenálaí roimh an gcluiche.*

# Measúnú

# Measúnú



## Measúnú: cuid riachtanach den teagasc agus den fhoghlaim

Cuid riachtanach den phróiseas teagaisc agus foghlama is ea measúnú. Ceann dá phríomhchuspóirí é mioneolas a chur ar fáil go leantach don mhúinteoir faoi fhorbairt páistí, a gcuid eolais, a dtuiscint ar choincheapa agus a máistreacht ar scileanna. Is é toradh a bhíonn air seo ná tuiscint níos fearr ar na páistí agus ar a gcuid riachtanas a bheith ag an múinteoir agus cuireann sé ar a c(h)umas gníomhaíochtaí oiriúnacha foghlama a dhearadh chun cuidiú leo an sochar is mó a bhaint as an gcuraclam drámaíochta. Gné lárnach de theagasc agus d'fhoghlaim é an próiseas timthriallach ina dtagann foghlaim, measúnú, aithint riachtanas aonair, meastóireacht ar straitéisí teagaisc agus pleanáil eispéiris fhoghlama don am atá le teacht.

## Ról an mheasúnaithe: cad chuige measúnú?

Féadfaidh measúnú cuidiú leis an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste trí mheán na drámaíochta. Cuireann sé acmhainn ar fáil don mhúinteoir trínar féidir leis/léi riachtanais an pháiste aonair a aithint agus cuireann sé ar a c(h)umas comhthéacsanna drámaíochta a chruthú agus ábhar curaclaim a mhodhnú d'fhonn foghlaim éifeachtach a éascú do na páistí. Má úsáidtear measúnú ar an mbealach seo, beidh feidhm *mhúnlaitheach* leis i bhforbairt páistí.

Nuair a bhaineann an múinteoir feidhm as measúnú agus aidhm mhúnlaitheach aige/aici, féadfaidh sé/sí pictiúr carnach d'fhorbairt teanga an pháiste sna trí shnáithaonad den churaclam a chur le chéile. Beidh sé seo ina chuid de phróifíl fhoriomlán d'fhorbairt an pháiste agus féadfaidh sé fónamh mar bhonn tuarascála do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile. Tugtar úsáid *shuimitheach* an mheasúnaithe air seo. Féadfaidh an múinteoir freisin úsáid a bhaint as measúnú chun meastóireacht a dhéanamh ar a (h)idirghabháil féin i dteagasc an churaclaim dhrámaíochta do na páistí. Tagann de sin nach foláir monatóireacht a dhéanamh ar an ábhar curaclaim ó thaobh éifeachta agus cothromaíochta de agus ar na straitéisí, ar na comhthéacsanna agus ar na hacmhainní difriúla a úsáidtear ar mhaithe le forbairt an pháiste. Má úsáidtear é leis an bhfeidhm *mheastóireachta* seo is féidir le measúnú cuidiú leis an múinteoir na heispéiris fhoghlama is éifeachtaí a phleanáil don pháiste.

## Measúnú sa churaclam drámaíochta: cad ba chóir a mheasúnú?

Baineann measúnú sa drámaíocht le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt scileanna agus coincheap drámaíochta páistí agus ar a ndul chun cinn ó thaobh foghlama de thoradh a dteagmhála leis na trí shnáithaonad curaclaim. Cuireann sé seo ceangal orainn léirsmaoineamh ní ar na cuspóirí drámata amháin ach ar na cuspóirí foghlama atá inghreamaithe san ábhar chomh maith.

### *Iniúchadh agus déanamh drámaíochta*

Sa snáithaonad seo déanfaidh an múinteoir measúnú, ar an gcéad dul síos, ar chomh beo agus atá dúil an pháiste sa chur i gcéill súgarthach agus ar an bhféinmhuinín agus an spontáineacht a chruthaíonn sé/sí sa drámaíocht. Léireofar é seo sa dóigh a nglacann sé/sí ról nó carachtar agus sa mhéid a dtagann forbairt ar an ról nó ar an gcarachtar i rith na gníomhaíochta. Beidh sé le feiceáil freisin sa dóigh a mbaineann an páiste leas as suíomh agus spás chun comhthéacs an dráma a thógáil, sa tuiscint a léiríonn sé/sí ar ghné an ama agus sa dóigh a ndéanann sé iniúchadh uirthi chun tréithe mar dhoimhneacht agus inchreidteacht a neartú. Déanfaidh an múinteoir monatóireacht freisin ar cé chomh maith agus a chloíonn na páistí leis na ‘rialacha imeartha’ a chabhraíonn chun fócas na gníomhaíochta drámata a choinneáil beo agus a chuireann leis an ngníomhaíocht dhrámata trí ghné an teannais a bhunú inti. De réir mar a éiríonn páistí níos cleachtaithe ar phróiseas na drámaíochta, beidh an inniúlacht agus an éascaíocht lena n-úsáideann siad scripteanna mar aon lena gcumas na genres éagsúla a idirdhealú agus brí a iniúchadh tríothu ina dtáscairí ar chomh héifeachtach agus atá siad ag foghlaim trí dhrámaíocht.

### *Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht*

Cuid dhílis de phróiseas na drámaíochta is ea léirsmaoineamh. Tarlaíonn sé i gcaitheamh na gníomhaíochta drámata féin agus i ndíospóireacht agus sna gníomhaíochtaí eile nuair a bhíonn an ghníomhaíocht dhrámata thart. Feicfear fianaise ar chomh maith agus a éiríonn leis na páistí ina léirsmaoineamh sa mhéid a mbaineann siad leas as chun cúrsaí forbartha eile a cheapadh mar mhalairt ar ghníomhaíocht dhrámata áirithe agus a mbeidh léiriú iontu ar na saincheisteanna atá á scrúdú sa ghníomhaíocht sin. Feicfear í chomh maith sa mhéid gur féidir leo an coibhneas idir scéal, téama agus taithí saoil a aithint. Ina theannta sin go léir léireofar éifeacht na foghlama trí dhrámaíocht sna léargais a bhainfidh na páistí as eispéireas na drámaíochta agus sa mhéid a neartófar a gcumas tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh ar bhealach níos ginearálta i dtaobh daoine agus i dtaobh an tsaoil.

*Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta*

Tá an cumas comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo, i ról agus as ról, ina chuid lárnach d'eispéireas an pháiste ar dhrámaíocht. Feicfear fianaise air seo ina c(h)umas a c(h)ion a dhéanamh chun an drámaíocht a mhúnlú, ní hamháin sa réamhphlé ina thaobh ach de réir mar a bhíonn an ghníomhaíocht á forbairt chomh maith. Léireofar é freisin i gcumas an pháiste caidreamh ficseanach leis na carachtair eile a fhorbairt de réir mar a ghluaiseann an drámaíocht ar aghaidh. Trí eachtraí a aithris go spontáineach neamhchúthaileach do na páistí eile sa rang léireoidh páistí gné eile dá gcumas comhoibrithe agus cumarsáide trí mheán na drámaíochta.

## Uirlisí measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Glactar leis go mbainfear úsáid as uirlisí oiriúnacha measúnaithe nuair a bheidh an raon de ghníomhaíochtaí foghlama a bhfuil cur síos orthu thuas á chur i gcrích. Is iad na huirlisí is oiriúnaí do dhrámaíocht ná:

*breathnóireacht an mhúinteora*

*tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir féin*

*samplaí oibre, bailiúcháin d'obair an pháiste agus tionscadail*

*próifílí curaclaim.*

*Breathnóireacht an mhúinteora*

Is é seo an cineál measúnaíthe is coitianta a úsáideann múinteoirí agus is é an cineál is éifeachtaí chomh fada is a bhaineann le rannpháirtíocht páistí i ndrámaíocht. Is é a bhíonn i gceist léi ná monatóireacht neamhfhoirmiúil a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí agus an próiseas drámata ar siúl. Ach an dóigh a sealbhaíonn páistí difriúla scileanna drámaíochta agus an dóigh a bhfoghlaimíonn siad tríd an bpróiseas drámata a thabhairt faoi deara, féadfaidh an múinteoir a m(h)odhanna teagaisc agus a c(h)ur chuige a chur in oiriúint agus na comhthéacsanna drámata a mhodhnú chun go mbainfidh páistí aonair an leas is mó as a gcuid foghlama.

Bíonn go leor den bhreathnóireacht seo ceangailte le mionsonraí gníomhaíochta drámata ar an láthair féin agus ní dhéantar clárú uirthi. Ar a shon sin féin, is fiú nótaí gearra a bhreacadh i dtaobh riachtanais foghlama na bpáistí ó am go ham. Cuideoidh an nós imeachta seo leis an múinteoir chomh maith chun dul chun cinn ranga, grúpa nó páiste aonair ag am ar leith a thabhairt faoi deara agus cuideoidh sé leis/léi chun a c(h)ur chuige fadtréimhseach agus gearrthréimhseach don drámaíocht a phleanáil.

### *Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir féin*

Gné eile fós den mheasúnú leantach seo is ea an mhonatóireacht a dhéantar ar ghníomhúchán páistí sna tascanna éagsúla a eascraíonn as a rannpháirtíocht i ndrámaíocht. Eascraíonn a leithéidí seo arís agus arís eile i rith gníomhaíochta drámata, mar shampla nuair a iarrtar ar bheirt pháistí rólanna bheirt charachtair a imirt chun saincheist faoi leith a iniúchadh, nó nuair a iarrtar ar ghrúpa páistí oibriú i dteannta a chéile chun fadhb éigin a réiteach nó chun teacht ar chinneadh i dtaobh an chúrsa fhorbartha ba chóir a bheith ar an dráma. Cuirfidh measúnú ar chumas páistí tascanna áirithe dá leithéid seo a chur i gcrích ceangal ar an múinteoir a c(h)uid breathnóireachta a dhíriú cuid mhaith ar ghnéithe faoi leith de bheart páistí agus iad ag gabháil do dhrámaíocht.

### *Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

I gcás drámaíochta, is iad na rudaí a bheadh i gceist iontu seo ná píosaí scríbhneoireachta, saothar ealaíne agus samplaí eile de fhreagairt páistí ar a n-eispéireas drámaíochta, dá léirsmaoineamh air agus den iarobair bunaithe air a dhéanann siad. Sampla ionadaíoch a chuimsíonn roinnt eiseamláirí den chuid is fearr d'obair an pháiste is oiriúnaí chun críche measúnaithe. An múinteoir, an páiste nó an múinteoir agus an páiste i dteannta a chéile agus i gcomhairle lena chéile a chinnfidh cad a chuirfear sa bhailiúchán. Ar an mbealach seo ceanglófar gné luachmhar fhéinmheasúnaíthe le measúnú ar dhul chun cinn an pháiste i ndrámaíocht agus i bhfoghlaim trí mheán na drámaíochta.

Caithfear ceann a thógáil d'éascaíocht ionramhála agus cinneadh á dhéanamh faoin méid d'obair an pháiste a choinneofar sa bhailiúchán siúd is go mbeidh níos lú deacrachta ag baint leis an gceist seo i gcás drámaíochta toisc gur píosaí scríbhneoireachta is mó a bheidh sa bhailiúchán. Mar sin féin, toisc go mbeidh bailiúcháin dá shamhail sin ag an bpáiste sna réimsí eile curaclaim chomh maith, caithfear ceist na stórála a chur san áireamh. Ar ndóigh, beidh malairt tosca ann ó scoil go scoil ach caithfear aird a thabhairt ar nithe mar ábhar, toirt agus éascaíocht ionramhála na mbailiúchán nuair a bheidh pleanáil scoile ar siúl.

### *Próifílí curaclaim i ndrámaíocht*

Féadfar grinniú neamhfhoirmiúil leantach an mhúinteora ar dhul chun cinn an pháiste a struchtúrú níos cruinne ach úsáid a bhaint as próifílí curaclaim i ndrámaíocht. Is é a bhíonn iontu seo ná ráitis ghearra ar ghnóthachtáil, ar iompraíocht agus ar dhearcadh na bpáistí i leith drámaíochta agus i leith na foghlama trí mheán drámaíochta. Féadfar socrú ar chaighdeáin áirithe a oirfidh do leibhéil dhifriúla inniúlachta chun cumas páistí aonair a mheas i dtaca le gach ceann de na ráitis. I gcás drámaíochta bheadh scáiliú iontu ar dhul chun cinn páistí i dtaca le gnéithe na dtrí shnáithaonad curaclaim agus chuirfidís ar chumas an mhúinteora próifíl fhoghlama a chruthú i leith gach páiste aonair agus, mar aon leis sin, taifead tagartha ar a f(h)orás a chruthú.

### *Clárú agus cumarsáid*

Ach go n-úsáidfí rogha oiriúnach de na huirlisí difriúla measúnaithe, féadfaidh an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste i ndrámaíocht agus i bhfoghlaim trí mheán na drámaíochta. Má tá éifeacht le bheith leis an bpróiseas monatóireachta seo tá sé tábhachtach go gclárófar an fhaisnéis ábhartha ar shlí a mbeidh teacht go héasca uirthi agus a bheidh ar aon dul leis an gclárú i réimsí eile an churaclaim. Éascóidh sé seo cumarsáid leantach leis an bpríomhoide, le baill eile na foirne agus le tuismitheoirí. Cuideoidh sé seo leis an múinteoir freisin eolas a mhealladh ó thuismitheoirí a chuirfidh ar a c(h)umas an clár drámaíochta do pháistí aonair a phleanáil ar bhealach níos éifeachtúla.

### *Cárta próifíle dalta*

I gcaitheamh tréimhse ama féadfaidh an múinteoir próifíl chuimsitheach a thógáil ina mbeidh cuntas suimitheach ar dhul chun cinn páiste sa drámaíocht. D'fhéadfaí é seo a choigeartú agus a thabhairt suas chun dáta go tráthrialta. D'fhéadfaí leas a bhaint as a leithéid mar chabhair agus straitéisí foghlama fadtréimhseacha á gceapadh agus chun a chinntiú go mbeadh forbairt leanúnach á déanamh ag an bpáiste ó bhliain go bliain. D'fhéadfaí leas a bhaint as chomh maith agus measúnú suimitheach á dhéanamh ar an bpáiste agus d'éascódh sé an chumarsáid le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí éagsúla.

# Aguisín

# Gluais

| | |
|---|---|
| ábhar | ábhar dráma, é bunaithe ar eispéireas ginearálta agus riachtanais an pháiste, nó a bhfuil a fhoinse le fáil i mbunábhar réimse éigin eile den churaclam |
| an suíomh ficseanach | an rogha de charachtair fhicseanacha agus an suíomh ina gcuirtear iad, rud a chruthaíonn an comhthéacs drámata don léiriú |
| as ról/lasmuigh den ról | plé ceisteanna, roghanna agus réimeanna féideartha forbartha sa drámaíocht nuair atá duine i leataobh ón léiriú |
| brí | rud a chuireann eolas tábhachtach i dtaobh plota, téama nó an tsaoil in iúl |
| carachtar | comhdhéanamh iomlán pearsan, bíodh sé fíor nó ficseanach, agus tréithe intleachtúla, mothúchánacha agus fisiceacha san áireamh |
| fo-théacs | comharthaí neamhbhriathartha trína gcuirtear smaointe, mothúcháin agus meon in iúl |
| frámú | an próiseas trína n-athraítear ficsean ina threoracha agus ina mholtaí léirithe tríd an bpróiseas seo a dheighiltear an téacs drámata amach ó na páistí sách fada chun go mbeadh sé sábháilte, ach fanann sé gar go leor dóibh lena iniúchadh go héifeachtach |
| genre | foirm an chur i láthair dhrámata—nádúrtha, greannmhar, seafóideach, srl. |
| gníomhaíocht | an t-idirghníomhú idir carachtar agus suíomh i ndráma, idirghníomhú a éilíonn go réiteofaí coimhlint nó teannas nó go dtabharfaí faoina réiteach |
| hata an tsaineolaí | próiseas trína gcuireann an múinteoir ina luí ar na páistí gur 'saineolaithe' iad ar thopaic áirithe d'fhonn iad a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar an topaic sin laistigh den drámaíocht |
| i ról/sa ról | rud éigin a dhéanamh nó a rá ó thaobh róil nó carachtair |
| léiriú | an ghníomhaíocht ina gcruthaítear téacs na drámaíochta |
| mionteagasc | treoir nó teagasc a thugtar do charachtar amháin gan fhios do na carachtair eile, b'fhéidir, agus arbh aidhm di treo nua a thabhairt don dráma |

| | |
|---|---|
| múinteoir i ról | an múinteoir ag glacadh páirte i ndrámaíocht agus á múnlú ón taobh istigh |
| pearsa | féach *carachtar* |
| plota | sraith d'eachtraí leantacha a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile agus a dhéanann dráma nuair a chuirtear i dteannta leis an téama iad |
| próiseas drámata | an próiseas trína ndéantar téacsanna drámaíochta |
| radharc | dráma gearr, téacs tobchumtha nó gníomhaíocht dhrámata |
| réamhthéacs | túsphointe éifeachtach a láinseálfaidh an saol drámata ar dhóigh a bhfágann éasca ag na rannphháirtithe é a rólanna agus a bhfreagrachtaí a aithint agus tosú ar an saol drámata a thógáil i dteannta a chéile |
| ról | ag cur i gcéill gur duine nó rud eile tú |
| téacs | ciallaíonn téacs ranga roghnú, léiriú agus nascadh radharc i bpíosa drámaíochta mar aon leis na gníomhaíochtaí ranga go léir a ghabhann leis sin |
| | ciallaíonn téacs dráma ficsean drámata a léirítear pé acu a mbíonn lucht féachana ann nó nach mbíonn, nó pé acu a dtarlaíonn an léiriú sa seomra ranga nó in amharclann |
| | script a chuireann síos ar ghníomhaíocht dhrámata is ea téacs scríofa |
| téama | na patrúin bhunúsacha a nascann plota an dráma leis an saol |
| teannas | an choimhlint a éiríonn as riachtanais agus mianta na gcarachtar difriúil sa drámaíocht agus a thiomáineann an ghníomhaíocht ar aghaidh á cur in iúl trí dhrámaíocht |
| tobchumadh | léiriú píosa fhicsin go drámata spontáineach |

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon

Ullmhaíodh an curaclam seo ag an gCoiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Kieran Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Michael O'Reilly | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Eibhlín de Ceannt *(ó 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Evelyn Dunne-Lynch *(go 1995)* | Comhairle Náisúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sarah Gormley *(ó 1995)* | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Michelle Griffin *(go 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Sr Maria Hyland | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Maureen Lally-O'Donoghue | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Pádraig Mac Sitric | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Mulkerrins | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Emer Nic Aogáin *(go 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Páilín Nic Aogáin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Kay O'Brien | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Noel Ó Ceallaigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Ruairí Ó Cillín | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Colum Ó Cléirigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Br Padraig Ó Riain *(go 1995)* | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Gillian Perdue *(go 1993)* | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Joy Shepherd | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Máire Uí Rinn | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Goretti Uí Thnúthail | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Comhairleoir drámaíochta oideachasúla** | John McArdle | |
| **Oifigigh oideachais** | Paul Brennan | |
| | Ríona Ní Mhurchú | |
| | Catherine Walsh | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

ISBN 0-7076-6308-3
9 780707 663081

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA